NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Aire a thabhairt do mo thimpeallacht

## Modúl Roghnach

Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea Aire a thabhairt do mo thimpeallacht.

Tá Aire a thabhairt do mo thimpeallacht deartha le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga thar thréimhse dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Aire a thabhairt do mo thimpeallacht | 60 |

# Réasúnaíocht

Tríd an modúl roghnach seo, tugtar deis don scoláire an domhan fisiciúil thart air nó uirthi a fhiosrú. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann le tíreolaíocht fhisiciúil agus lena thimpeallacht nó lena timpeallacht, agus idirghníomhaíonn sé nó sí leo. Is iad na timpeallachtaí a cruthaíodh trí ghníomhaíocht dhaonna, den chuid is mó, na cinn is mó a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu. Rinneadh tithe na scoláirí, na ceantair atá timpeall orthu, scoileanna, clóis, bóithre agus talamh feirme na scoláirí a mhúnlú le gníomhaíochtaí daoine agus lena n-idirghníomhaíocht le timpeallachtaí nádúrtha. A bhuí leis an timpeallacht nádúrtha agus lena gnéithe – na sléibhte, na cnoic agus tírghnéithe eile, farraigí, aibhneacha, córais aimsire agus an aeráid – tugtar d'áiteanna an carachtar sainiúil atá acu.

Tá sé d'aidhm ag an modúl seo spéis an scoláire ina thimpeallacht nó ina timpeallacht a chothú, agus feasacht chomhshaoil á cur chun cinn agus spreagadh á thabhairt don scoláire roghanna eolasacha a dhéanamh lena dtacaítear le hinbhuanaitheacht ina shaol nó ina saol laethúil. Faigheann an scoláire léirthuiscint ar an dúlra agus foghlaimíonn sé nó sí faoi chúram comhshaoil, lena n-áirítear tionchair gníomhaíochtaí daonna ar phlandaí agus ainmhithe.
Ach prionsabail inbhuanaitheachta a chomhtháthú ina shaol nó ina saol laethúil, lena n-áirítear caomhnú fuinnimh agus uisce, laghdú dramhaíola agus athchúrsáil, tá an scoláire inniúil le cur go dearfach le todhchaí níos inbhuanaithe.

Cuireann cothú na tuisceana atá ag an scoláire ar a thimpeallacht nó ar a timpeallacht le príomhinniúlachtaí a fhorbairt sa tsraith shinsearach. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas an scoláire, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé nó sí dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn sé nó sí chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, cuirtear chun cinn foghlaim agus eispéiris an scoláire sa tsraith shóisearach agus tógtar orthu.
Trí Aire a thabhairt do mo thimpeallacht, tacaítear le príomhscileanna an scoláire a fhorbairt agus a chur chun cinn sa tsraith shóisearach, scileanna maidir le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl seo, cuirtear chun cinn freisin forbairt agus foghlaim i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile agus scileanna fóillíochta.

Tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil. Is féidir leis an scoláire a chuid nó a cuid foghlama ó Mhaireachtáil sa Phobal ón Aonad Foghlama Tosaíochta agus Tíreolaíocht, Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP), Eolaíocht agus Stair na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm ar fud modúl ón tsraith shinsearach amhail Dearadh don mhaireachtáil inbhuanaithe, An t-am atá thart i m'áit, réimse sainspéise an scoláire, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Corpoideachas, OSPS, Amharc-ealaín. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht an scoláire a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, é nó í féin a chur in iúl, a chuid nó a cuid braistintí, mothúchán agus smaointe a fhiosrú chomh maith le peirspictíochtaí daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tá an méid sin ina chuidiú chun eispéireas foghlama leanúnach a sholáthar don scoláire ar feadh na sraithe sinsearaí. Tríd sin tacaítear leis an scoláire lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne don scoláire de réir mar a aistríonn sé nó sí chuig saol na ngairmeacha, an staidéir nó seirbhísí breise.

## Teagasc agus foghlaim

Ba cheart don scoláire dul i mbun réimse gníomhaíochtaí lena gcumasaítear dó nó di léirthuiscint a fháil ar an domhan fisiciúil thart air nó uirthi. Tá na gníomhaíochtaí sin ar an meán trínar féidir na torthaí foghlama a bhaint amach. Cé go bhfuil roinnt samplaí liostaithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna chun a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar a gcomhthéacsanna uathúla féin. Ar na samplaí de ghníomhaíochtaí féadfar an méid seo a leanas a áireamh ach níl siad teoranta dó sin; limistéar istigh/amuigh a fheabhsú, múiríniú, bailiú agus athúsáid uisce báistí, siúlóidí dúlra, plandú agus garraíodóireacht, beathadáin éan a chruthú agus a choinneáil, a bheith rannpháirteach i dtionscadal nó gníomhaíocht chomhshaoil mar ghrúpa ranga, scoil nó pobal. Ach páirt a thabhairt don phobal i gcoitinne, amhail grúpaí comhshaoil áitiúla nó gairdíní pobail, soláthraítear acmhainní breise agus deiseanna rannpháirteachais ón bhfíorshaol.

Ach eispéiris foghlama thadhlacha agus idirghníomhacha a sholáthar don scoláire, is féidir iliomad céadfaí a mhealladh agus cuidiú leis an eispéireas foghlama a fheabhsú. D'fhéadfadh an scoláire uigeacht ithreach a bhrath, bláthanna a bholadh, dathanna plandaí a fheiceáil agus fuaimeanna éagsúla an dúlra a chloisteáil. I gcás inar cuí, is féidir teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach a úsáid chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí oiriúnaitheacha agus gléasanna cumarsáide, gléasanna leictreonacha, leideanna amhairc agus réad, feabhsaítear foghlaim agus inniúlacht an scoláire chun dul i mbun na gníomhaíochta foghlama agus taitneamh a bhaint aisti.

## Modúl: Aire a thabhairt do mo thimpeallacht

### Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh an scoláire taithí ar chuid mhór gnéithe dá thimpeallacht nó dá timpeallacht nádúrtha agus dhaonna, pléifidh sé nó sí leo agus bainfidh sé nó sí taitneamh astu. Forbróidh sé nó sí feasacht agus léirthuiscint ar conas a bhaineann na gnéithe de thimpeallachtaí daonna agus nádúrtha le chéile agus a bhraitheann siad ar a chéile. Leis an modúl seo, tacaítear le feasacht mhéadaithe an scoláire de réir mar a éiríonn sé nó sí níos fiosraí faoina cheantar nó faoina ceantar, de réir mar a fhaigheann sé nó sí tuiscint ar an tábhacht atá le timpeallacht shábháilte agus shláintiúil agus a fhorbraíonn sé nó sí straitéisí chun aire a thabhairt dá thimpeallacht nó dá timpeallacht.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|

| | |
|---|---|
| A thimpeallacht nó a timpeallacht áitiúil. Aithníonn an scoláire an domhan fisiciúil thart air nó uirthi agus faigheann sé nó sí léirthuiscint air. Faigheann an scoláire léirthuiscint ar a áit nó a háit agus ar áit daoine eile laistigh dá thimpeallacht nó dá timpeallacht. | a. Na gnéithe nádúrtha agus daonna ar leith den cheantar áitiúil, den réigiún agus den chontae dá chuid nó dá cuid a aithint<br>b. Ainmneacha agus suíomh coibhneasta cuid de na gnéithe nádúrtha agus daonna dá cheantair nó dá ceantair áitiúla a aithint<br>c. Príomhthreoracha a aithint le linn na ceantair áitiúla a fhiosrú<br>d. Treoracha agus bealaí ar léarscáileanna a úsáid agus a thaifeadadh<br>e. Léarscáileanna agus grianghraif de réimse scálaí agus cuspóirí óna cheantar nó óna ceantar áitiúil a úsáid agus a aithint<br>f. Léirthuiscint a fháil ar na daoine, na gairmeacha agus na pobail a chónaíonn agus a oibríonn ina cheantar nó ina ceantar.<br>g. Athruithe ar ghnéithe nádúrtha ina cheantar nó ina ceantar a aithint agus a thaifeadadh<br>h. An tábhacht atá le gnáthóg áitiúil do fhlóra agus fánaí a mhíniú<br>i. An tionchar atá ag gnéithe nádúrtha ar phandaí, ar shaol ainmnithe agus ar dhaoine a iniúchadh<br>j. Cur síos a dhéanamh ar bhealaí a d'athraigh daoine, plandaí nó ainmhithe gnéithe nádúrtha<br>k. Flóra agus fánaí difriúla a bhreathnú agus a aithint<br>l. Cur síos a dhéanamh ar straitéisí chun flóra agus/nó fánaí a chosaint.<br>m. Breathnuithe aimsire simplí a thaifeadadh agus a thaispeáint ar bhealach córasach agus úsáid á baint as graif, cairteacha agus siombailí meitéareolaíocha coiteanna<br>n. Patrúin aimsire chomh maith le tionchar na haimsire ar dhaoine agus áiteanna a aithint<br>o. Eagraíocht a aithint, cur síos a dhéanamh uirthi nó eagraíocht a fhiosrú , eagraíocht a chuidíonn leis an timpeallacht áitiúil a fheabhsú agus léirthuiscint a fháil ar thábhacht na timpeallachta áitiúla |
| Aire a thabhairt don timpeallacht. Déanann an scoláire naisc idir daoine, áiteanna agus gníomhaíochtaí. Cuireann an scoláire leis an bhfeasacht atá aige nó aici ar a ról maidir le haire a thabhairt don timpeallacht. | p. Siombailí agus comharthaí a bhaineann le hathchúrsáil a aithint<br>q. Catagóirí d'ábhair in-athchúrsáilte a aithint agus a shórtáil (plaisteach, páipéar, miotal, srl.) |

| | |
|---|---|
| | r. Gnáthearraí a shainaithint, ar féidir iad a athúsáid nó a uaschúrsáil, agus réitigh a dhearadh le haghaidh athúsáide nó uaschúrsála<br>s. A aithint conas a dhéantar difear don timpeallacht trínár roghanna tomhaltóirí<br>t. Cur síos a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun aire a thabhairt d'áiteanna tábhachtacha agus chun iad a chosaint (m.sh. caomhnú, buanchoimeád, athchóiriú)<br>u. Míniú a thabhairt ar an bhfáth a bhfuil tábhacht le háiteanna ar leith do dhaoine difriúla (m.sh. tábhacht shóisialta, mhothúchánach, chultúrtha, stairiúil, phearsanta)<br>v. Cumarsáid a dhéanamh faoi áit lena bhfuil tábhacht phearsanta agus an nasc pearsanta atá aige nó aici léi a mhíniú<br>w. Eagraíochtaí a thugann aire d'áiteanna tábhachtacha, agus a fheabhsaíonn iad, a aithint, cur síos a dhéanamh orthu nó iad a fhiosrú<br>x. Gníomhaíochtaí ar féidir leis nó léi iad a dhéanamh chun cuidiú le haire a thabhairt d'áiteanna speisialta, agus le feabhas a chur orthu, a léiriú (m.sh. bruscar a phiocadh suas, rialacha a leanúint, a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí buanchoimeádta)<br>y. Cleachtais oibre shábháilte a léiriú le linn tabhairt faoi ghníomhaíocht chomhshaoil<br>z. Uirlisí agus trealamh cuí a úsáid go sábháilte agus go héifeachtach le linn tabhairt faoi ghníomhaíocht chomhshaoil<br>aa. Meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar dearfach atá ag gníomhaíocht chomhshaoil<br>bb. Gníomhaíochtaí ag a bhfuil tionchar dearfach ar an timpeallacht a shainaithint, amhail ídiú fuinnimh, giniúint dramhaíola agus úsáid uisce |

